

BEATHA GABHÁIN I NALBAIN

Nuair a bhí mé i mo stiubhard ag Mrs Cloran i nGaillimh déirigh idir í féin agus fear féarach mar geall ar ardú cíós. Bhí trí páirc talamhana ag an bhfear seo ón mbóthar go dtí torainn an Chlaidhe Bháin. Badh éard a bhí ar na trí pháirc seacht bpunt fhichead. Tháinig fear eile agus chuir sé cúig phunta dhéag agus fich' iad. Nidh nár bh'iongantas thug Mrs Cloran an talamh dó ó chuir sé an t-airgead é agus ina dhiaidh sin níor chuir sé ceart é. B'fhiú tuille mhór le na chois é. Thug sé ordu don chéad fhear a chuid beithidhigh a bheith cnaptha as a leitheide seo dhe lá. Sgríobh sí litir agam-sa agus dubhairt sí liom go mbeadh a dreatháir féin agus mac dreifíre a fir féin aníos a leitheide seo de lá agus go gcaithfimis an talamh a glanadh. Nuair a fuair mise an litir thug sí pian dom agus dubhairt mé liom féin gurbh sin run nach ndeanfainn, nár chuala mé ariamh in mo shaoghal go raibh aon fhear a bhain liom i dtaobh athar ná máthar ina bháille cé gur hiomdha fir ab fhearr ná iad a bhí. Leag mé m'intinn féin ar imtheacht agus gan bacadh le báilléarach. Chas an fear seo orm as Conamara, an Gabhánach é féin agus beirt eile. Shrocuigheamar imtheacht go hAlbain. Cuireadh ón Exchange i nGaillimh muid go Kilberney, baile atá bhfoisgeacht sé mhíle do Glascó. D'imthigh linn ar an traén go ndeachamar go Larne. Bhí uair a chloig de mhoill orainn i mbaile mór Chabháin. Is deas an baile é. Chuadhamar as an staisiún amach go bfuigfimis deoch. Síos le fanaidh bhíomar ag dhul agus shíleamar gur síos i bpoll a bhíomar ag dhul. Nuair bhíomar shíos sa mbaile mór ina cheart lár sé an áit a rabamar shuas ar chnochán agus iongantas mór a rinneamar dó. Bhí aghaidh gréine ag an mbaile as gach uile cheard.

Chuadhamar go Larne. Nuair a chuadhamar suas tríd an mbaile mór le dul ag an diug bhí ceithre sgór agus ochtar againn in éindigh. Nuair a chonnaic muintir an bhaile mhóir muinntir Chonamara gléasta le báiníní bána ceann easna agus glas caorach thosuigheadar ag glaodhach agus ag

magadh futhab. Splannadar iad féin agus muintir Condae Muigheo mar bhíodar mar a bheadh dreatháracha ann. Dá mbeadh clocha nó bricí le fághail a raibh d'arm i Larne ní chuirfeadh sé indiaidh a gcúil iad. Nuair a chuadar ar bord an bháid ní fhéadfá déanamh amach cén fear a raibh ciall aige trí seachtaine roimhe sin seadh, cuireadh síos bád a' phosta le submarine leis an nGearmánach agus bhí olc ar shaighdiúirí agus ar an muintir a bhí in éindigh leob freisin. Bhí an Gabhánach ag dhul anonn ag saothrú ar nós gach duine. Bhí gunna ar an soitheach seo – gunna sé hordlaigh – a bhí gár dtabhairt anonn. Nuair a bhí an gunnéara ag dhul suas an dréimire leis an ngunna mór a chuir i bfuirm lean Gabhán suas é agus a mháilín bán ar a ghualainn aige. "Cá bfuil tú a dhul?" adeir an gunnéara. "Tá mé ag dhul in éindigh leat-sa" adeir sé. "Go síos as sin" adeir sé, "nó gheobhfaidh mé tóigthe thú. Ní fhaca mé aon fhear ariamh a chuir suas dhe chomhlúadar ach tú féin" adeir Gabhán.

Chuaidh Gabhán anuas agus chuaidh sé síos i ndeire an tsoithigh. Leag sé a mháilín bán faoi n-a cloigeann. Thosuigh sé ag gabhail fhuinn agus ní hé sgéal na bréige é, bhí sé indon. Sé an t-amhrán adubhairt sé *Coinnleach Ghlas an Fhógmhair*. Ní raibh Sairseant Major ná oifigeach ná Colour-Sairseant ná Caiptín da raibh an bord nach raibh cruinnithe timpeall air, a gcuid buideal crochta acab agus a gcuid gloineacha líonta agus iad ag éisteacht leis. Ní raibh aon fhocal Béarla ina chloigeann. Ar dheire gach míle cheathramha séard deireadh sé *“Marching Off to War”* pé bí caoi ar cuimhnigh an bacach air, fuair sé neart le n-ól. Chuamar i dtír ag Stranraer. Bhí an fear ceannais ar bord againn. Fuair sé dhá theach i Stranraer le muid a chuir suas go maidin ann.

Nuair a bhí ar mbéile caithte againn tosuigh bean an tighe ag fághail leabacha faoi réir duinn. Siar le Gabhán i seomra a bhí le talamh ann. “Gabh aniar as sin” adeir bean an tighe, “gréasaidhe atá ag codladh annsin le aon bhliain deag.”

“Deamhan a miste liom dá mba píobaire a bheadh ann ach béidh mise anocht ann.” Nuair a tháinig an gréasaidhe isteach hinnsigheadh an sgéal dó. “Ní miste liom,” adeir an gréasaidhe, tógfamuid an saoghal go réidh. Bhí máirnéalach ag siubhal síos agus suas an t-urlár agus páiste ar a gualainn aige agus sé bhí pósta ag inghean Mrs Curley, bean an tighe. Badh é an áit arb as í as Béal átha na Muice. Bhí an máirnéalach i gcomhnaidhe ag dearcadh ar fhear a bhí inéindigh liomsa. “Cérbh as sibh-se a bhuachaillí” adeir sé linn. “As Gaillimh” arsa mise. “b’éidir” adeir an máirnealach, “ach ní as an fear seo.” “Seadh mais” adeir an fear. “Má seadh” adeir an máirnealach, “ní ann a rugadh is toigeadh thú. “Ní headh” adeir. “Rugadh agus toigeadh mé in Aill na Brón.” “A bhfuil fhios agat” adeir an mairnealach “gur tú a chuaidh cun baistidh liom-sa.” “Níl fhios agam adeir sé.” An cuimhneach leat Joe Cúk as Aill Na Brón?” “M’anam go raibh a leitheid ann” adeir Val King – sé a bhí ann. “Is mise Mac Joe Cúk an Réic,” adeir an máirnéalach. “gabh maith” adeir sé le n-a bhean, “agus tabhair isteach an oiread seo ól againn.” Chuaidh. Nuair a d’airigh Gábhán an t-ól ar bun tháinig se aniar. Go siar anois” adeir an máirnealach. “Ní thiubhrainn deor duit dá mbeinn dá caitheamh amach de bharr an rud a rinne tú ar an ngreasaidhe. Chuaidh sé siar in aghaidh a tholach.” “A bhuachaillí” adeir sé aniar den leabadh a bhfuil fhios agaibhse céard dubhairt an dall fadó. Níor labhair aon duine. “Cloisim an torann ach ní fheicim an biadh. Agus an té a dhéanas leath-chuma orm nár fheicidh sé Dia. Sin é an uair a ghlaoigh an Cúgach aniar air agus thug sé streall le n-ól dó. “Níor mór duit” adeir Gabhán. Sin é an pointe a raibh mise ag dul ag osgail mo chumachta ta an oireachta de cumachta agam-sa ó Naomh Séamus agus dá ndeanainn eascanna nach bfágfainn aon teach san mbaile mór ina sheasamh ach an Séipéal. Is fearr dibh braon eile a thabhairt dom agus gabhfaidh mé a chodladh.” Tugadh an braon eile dó agus chuaidh sé a chodladh. Bhí an diabhal air.

An leaba níor taobhaigh Val King ná Cúk ná mé féin go maidin le grádha páirt agus carthanas. 27/5/30.

Fuamar obair i gCill Berner ag déanamh reservoir, fear as Londain a bhí ina chomhairleach orainn agus Albanach de Cheoinín a bhí gár stiúradh. Ba diabhal é, ní dada eile a bhí ann ach ceann. Coigcís i mbéal a chéile a bhíomar san obair nuair a fuair Gabhán overtime agus ní raibh aon duine de trí sgór agus cúigear againn á fhágáil ach é.

Bhí seanbhean ar cheann bóithrín ann agus is uaithe a bhíomar ag fágáil aráin. Taobh istigh den chúntar a bhíodh Gabhán chuile oidhche. Bhí sé ag déanamh suas léithe agus ise ag tabhairt tobac do agus gan tobac le fágáil an t-am sin níos goire dó ná Glascú. Bhí fear as aon baile leis san obair a dtugtaoi Séan Ó Mógáin air. Tháinig mé féin agus an Mógán seo isteach san siopa oidhche ag iarraidh cupla bairín aráin. Bhí Gabhán ina shuidhe cos na teine romhainn ann. "A Mhic Uí Gabháin," adeir Séan Ó Mógáin, as Béarla. "Bhí litir agam as baile indiu agus bhí sé ráidhte innte nach bhfuil do bhean ro-mhaith." "Deir sé liomsa" adeir an Cailleach nár pós sé ariamh.

N creid é" adeir Mógán, "tá mac leis ina dhochtúir agus mac eile ina mhinistéara. Sin é an uair a d'éirigh an cailleach. Nuair a shíl Gabhán a dhul amach bhuail an chailleach é le iarraidh de thúlán. Rith Gabhán go ndeachaidh sé chuig an teach loisdín lárna bhárach. Ní raibh sé indon dul ag obair leis an bhfliú. Bhí sé trí lá ina leabadh gan greim gan deoch. Nuair a chuireadh sé a cloigeann amach ón bpluid ní raibh samhail ar bith aige ach gráinneog. Tháinig mé féin go dtí é. "Bhfuil tú ag ithe tada?" arsa mise. "Níor ith mé greim ná deoch le trí lá" adeir sé. D'imthigh liom agus chuaidh mé go dtí an Deputy, agus ba drochmhúinte é. "Tá fear annsin thíos" arsa mise, "ag fágáil bháis."

"Ní bheidh sé roimhe," adeir sé. Mar sin féin chuir sé fios ar an dochtúir agus cuireadh Gabhán in ospidéal go Cill Mhuinic. Bhí cailín Eireannach in oifig an phosta ann. Ghlaoidh sí orm féin. "Bhfuil aon fhear san obair adeir sí bhfuil Pat Gavin air?" "Tá buidéal fuisge annseo leis agus é istigh i ngeansaí, agus má beirtear air tá priosún indán dó."

Chuaidh mé féin an oidhche seo ag teach an fheilméara ag iarraidh bainne an taé dom féin agus do Mhogán. Nuair a tháinig mé aniar bhí Mógán ina sheasamh le taobh an Hotel, ní raibh aon Hotel ann ach é féin. Ní thomaisfeá" adeir sé cé tá ar ais. Ní thomhaisfinn,"adeirim-se.

"Gabhán," adeir sé. Chuaidh mé féin anonn go dtí é agus chraith mé lámh leis. D'fíafuigh mé dó ar chuir sé fios ar fuisge go hÉirinn. "M'anam gur chuireas," adeir sé.

"Imthigh as an áit seo," adeir sé, "chomh tapa agus fhéadas tú, tá tóraidheacht ort faoin bhfuisge. Cén t-ughdar a bhí agat an oispidéal fhágáil?" "Bhí, adeir sé, nuair a tháinig an dochtúir isteach ar maidin d'fíafuigh sé den bhanaltra an raibh mórán báis aice tar éis na hoidhche. "Aon duine déag," adeir sí. "Beag go leor,"adeir an dochtúir.

"cén neart atá agam-sa air" adeir an bhanaltra.

"Nach breagh nach dtug tú an black draught dóibh,"adeir an dochtúir. "M'anam," adeirim-se im'intinn féin nach dtiubraidh tú dom-sa é." Nuair a chraith an cloigín le dhul ag biadh an té a bhí indon d'éirigh sé agus an té nach raibh d'fhan sé ina luidhe-agus ina luidhe a bhéidh sé. Nuair a fuair mé an deis chroch mé liom, chroch mé liom mo sheanchóta. Tá mé tar éis sé mhíle dhéag a dhéanamh. Níl fhios agam cé dtiocfaidh mé anocht. "Níl aon lá ariamh nár chuala mé go raibh lóisdín le fágáil ag fear in Albain, ach nach raibh sé siúralta dhá anam anois adeir sé agus mo seacht míle mallacht dhuit-se a Mhogáin. Is deas socúlach a bhéinn annseo, agus mo chailleach, marach thú. Sin beatha Gabháin i nAlbain.

5/6/30.

Bráighteach= áit iasgaigh.

Leasán

Níl greim ád ná deoch

Mar a bheadh Dia dhá cur ina mbealach

Maoracha

Déanfaid tú an Matal ó ló.

Ba's Ceatramha an Dola máthair mo máthar. Tá an baile sin tórainn ar thórainn le Coill an Gaill agus le Bile Mór. Sé an áit a dtáinigedar i dtosach as an Sruthar taobh tall de loch. Badh shin aimsir ruaige agus géarleanúntais de muintir Thuathail í. Dream an-tréathach a bhí ionta, scoth na ngaibhne iad agus de thogha leasadóirí. Ba dhe Tnúthail í i dtaobh athar agus máthar agus phós sí fear de Thnúthall. Bhí dreatháir aice agus an-fhear capall a bhí ann. Bhíodh sé ag imtheacht faoi Uachtar Árd le n-a péire capall, a chéachta agus a chlé fuirseadh ag saothrú. Fuair sé fáirnéis ar tamhnach sléibhe a bhí idir na hllinnigh agus an Léim. Sé an tamhnach seo Leitir Creamhrúil. Chuir sé faoi annsin ag maorsacht

do Shéamus Máirtín agus ag tabhairt aire do theach iasgaigh a bhí aige. Phós sé bean de na Breathnaigh as Maodh Umhain (Beal na Leac). Ins an am sin bhí dream daoine i na gcomhnaidhe i Maodh Umhain agus sé an t-ainm a bhí orthabh muintir Thuairisg. Badh é a mbiadh agus a ndeoch achrann agus troid. Ins an am sin chruinneochadh chuile ceann acab an méad a bhainfeadh leis féin nó go ndeanfaidís spéir ar a chéile go cinnte. Dia Domhnaigh thosóchaidís tar éis Aifrinn. Bhí tamhnach eile ó dheas ó Leitir Creamhrúil a dtugtai Seanapheistín uirthé agus bhí fear na chomhnaidhe uirthé nach raibh fhios céard é a cuid airgid. Sé an t-ainm a bhí air Máirtín Coirléiseach. ní raibh a fhios ag aon fhear dár chuir Críost ar an talamh cén spreacadh a bhí sa gCoirléiseach. Nuair a bheadh a chuid beithidheach roimhe amach aige dá mbeadh aon cheann de na budógaí ag déanamh círthuathbhaill de na cinn eile d'éalóchadh sé go mbéarfadh sé ar dhá chois deiridh uirthé agus chaitheadh sé deich slata siar ón gcuid eile í. Ba dhá chomharsa a bhí ann féin agus Mac Uí Thuathail. Níor thugadar aon bhreac d'amhainn ariamh le aghaidh a núsáide féin ná úsaide duine ach dúbhshlán aon fear aon bhreac a thabhairt uathab.